Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15459/25**

**AGRILEG 178**
**PESTICIDE 26**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 13 Samhain 2025 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D110023/02 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>an XXX<br>lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fluipiridhéfhúróin agus fosfónáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D110023/02

---

Faoi iamh: D11023/02

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/1930
(POOL/E4/2025/1930/1930-EN.docx)
D110023/02
[…](2025) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fluipiridhéfhúróin agus fosfónáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena gceartaítear Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh fluipiridhéfhúróin agus fosfónáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás na substaintí gníomhacha fluipiridhéfhúrón agus fosfónáit photaisiam, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(2) Le Rialachán (AE) 2025/581 ón gCoimisiún[2], a bhfuil feidhm aige ón 17 Aibreán 2025, leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 trí MRLanna fluipiridhéfhúróin in anainn agus i síolta lus na gréine a leagan síos. Mar sin féin, cuireadh na MRLanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/2640 ón gCoimisiún[3] in ionad na MRLanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2025/581, agus tá feidhm ag na MRLanna sin ón 30 Aibreán 2025 cé gur glacadh iad sular glacadh Rialachán (AE) 2025/581. Tharla sé sin mar gheall ar earráid chléireachais maidir le seicheamh dhátaí chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2025/581 agus Rialachán (AE) 2024/2640.

(3) Le Rialachán (AE) 2025/581 leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 freisin trí na MRLanna a leagan síos maidir le fosfónáit photaisiam i 'leitísí agus plandaí sailéid', ceathrúna uain/sailéid arbhair, searbháin muc, biolair agus eascróga agus péacáin eile, biolair thalún, roicéad/rucola rómhánach, mustard dearg, barra duilleog óga (lena n-áirítear speicis phraisí), 'leitísí agus plandaí sailéid, eile', 'spionáistí agus duilleoga comhchosúla, eile', biolar uisce, bliosáin chruinne síolta poipín, eorna, coirce agus seagail. Mar sin féin, cuireadh na MRLanna a leagtar amach i Rialachán (AE)

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] Rialachán (AE) 2025/581 ón gCoimisiún an 27 Márta 2025 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus IV a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh cioglocsaidime, déchlórpróp-P, fluipiridhéfhúróin, céatón meitile naoinile, olaí planda/ola citronella, sorbáit photaisiam agus fosfónáit photaisiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2025/581, 28.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/581/oj).

[3] Rialachán (AE) 2024/2640 ón gCoimisiún an 9 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh 1,4-démheitiolnaftailéine, aigéad défhluaraicéiteach, fluaipioram agus fluipiridhéfhúróin i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2024/2640, 10.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2640/oj).

2024/2619[4] an 8 Deireadh Fómhair 2024 in ionad na MRLanna a leagtar amach i Rialachán (AE) 2025/581, agus tá feidhm ag na MRLanna sin ón 29 Aibreán 2025 cé gur glacadh iad sular glacadh Rialachán (AE) 2025/581. Tharla sé sin mar gheall ar earráid chléireachais maidir le seicheamh dhátaí chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2025/581 agus Rialachán (AE) 2024/2619.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a cheartú dá réir sin.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*

[4] Rialachán (AE) 2024/2619 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh foiseitile, fosfónáití potaisiam agus fosfónáit déshóidiam i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2024/2619, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2619/oj).